

# ☘An Lúibín☘

16 Feabhra 2009

## Costas teanga

*Irish is expensive. Can the State afford it?*

I ndeireadh Mhí Eanáir chuir an Feisire Eorpach Seán Ó Neachtain in iúl gur cuireadh os cionn dhá phost is caoga ar fáil i bhforais Eorpacha ó rinneadh teanga oibrithe den Ghaeilge taobh istigh den AE sa bhliain 2007. Lucht aistriúcháin, ateangairí agus teangeolaithe-dlíodóirí a bhí i gceist, agus beidh a thrí oiread post eile le fáil tar éis dhaingniú Chonradh Liospóin.

Mar a dúradh cheana in *An Lúibín*, ní hé gur dona an rud ann féin é poist den saghas sin a bheith ar fáil, poist a bhfuil sainscileanna agus gradam ag baint leo agus a chuidíonn leis an tír a athcheangal den Eoraip. Is fada baint ag an nGaeilge leis na bólaí sin, agus ní hí Lováin amháin atá i gceist ach na saighdiúirí, na sagairt, na mná uaisle agus eile nach bhfuil a scéal scríofa i gceart go fóill. Ach ní foláir a aithint nach mbaineann úsáid na Gaeilge san AE le haon riachtanas nádúrtha. A mhalairt ar fad: cuid d'fheachtas oifigiúil cultúrtha is ea í, gné eile den siombalachas atá ag siúl leis an teanga ó bunaíodh an stát.

Is féidir a áiteamh, mar sin féin, go bhfreagraíonn sí don athbheochan atá in ainm is a bheith ar siúl nua sa bhaile agus i gcéin. Tá an chuid is bunúsaí den 'athbheochan' sin ag brath ar dhícheall daoine atá ag obair ar a gconlán féin, ach is minic tagairt á déanamh do bhaiclé éigin stróinéiseach de Ghaeilgeoirí ar éirigh leo, más fíor, greim a fháil ar airgead ab fhearr a chaitheamh ar iompar poiblí agus ar oideachas. Cén gá atá i ndáiríre (a deirtear) le TG4, le flúirse eagraíochtaí, le tuairiscí gan léamh, le hateangairí Eorpacha? Ní ceist gan bhunús í.

D'fhiafraigh an *Irish Times* de na ranna stáit le déanaí cá mhéad feidhm a baineadh as a gcuid suíomh i mBéarla agus i nGaeilge anuraidh. Tríd is tríd, ba lú úsáid na suíomh Gaeilge ná 0.5%. Bhain 782,000 duine feidhm as suíomh Béarla na Roinne Fiontraíochta agus níor úsáid ach 272 an suíomh Gaeilge. An Roinn Comhshaoil: Béarla - 454,000, Gaeilge - 1,600. An Roinn Cirt: Béarla - 333,000, Gaeilge - 11,000. An Roinn Talmhaíochta: Béarla - 101,000,000, Gaeilge - 19,000. Is léir gur mó an lé atá ag Gaeilgeoirí le cúrsaí dlí ná le cúrsaí curadóireachta. Is dócha, áfach, go bhfuil an fheidhm a bhaintear as na suíomh ag teacht measartha maith le líon na ndaoine a labhraíonn an teanga go rialta, má chuimhnítear go bhfuil Gaeilge gann ina lán réimsí den saol - rud a chuireann na figiúirí as a riocht beagán.

Ní thagann Acht na dTeangacha oifigiúla slán ón gcáineadh. Aisteach le rá, áfach, ní chaitheann fórmhór na rann mórán ar aistriú buncháipéisí (rud atá de dhualgas orthu a dhéanamh de réir an Achta). D'éirigh leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha an jab a dhéanamh ar €1,000. Caithfear a chur san áireamh gur laistigh de na ranna a dhéantar cuid mhaith den obair nó nach meastar an costas mar mhéid ar leith. Mar sin féin, rinne polaiteoir áirithe caint bhini beach faoin 'ragairne' a bhain leis an €8 milliún a chaith na ranna ar fhógraíocht i nGaeilge ón mbliain 2004 i leith.

Is dócha go bhfuil líon na nGaeilgeoirí ag dul i méid (cé nach fios go díreach cá mhéad acu atá ann nó fiú cén tábhacht atá leis na gaeilscoileanna i ndáiríre); tá Aire díograiseach ann agus rialtas atá sásta tacú leis; agus tá dualgas bunreachtúil ann. Is léir go bhfuil cion éigin ag formhór na mBéarlóirí ar an nGaeilge mar theanga stairiúil leithleach; is léir freisin go bhfuil

siad sásta saineúlacht na tíre a chur in iúl trí theanga eile. Níl sa Ghaeilge, dar leo, ach cuid den scéal. Tá sé thar am, ach go háirithe, deimhin a dhéanamh de go bhfuil na pingíní á gcaitheamh go críonna, cé nach réiteoidh sin ceist níos bunúsaí - tábhacht na Gaeilge i meanma chorrach na hÉireann.



### **Duaiseanna thar lear**

*Glór na nGael has bestowed awards on language groups in Australia, Canada agus Britain.*

Tá Glór na nGael tar éis duaiseanna a bhronnadh ar Ghaeltacht Cheanada, ar Ghrúpa Gaeilge Mhanchain agus ar Chumann Gaeilge na hAstráile as an teanga a chur chun cinn. Tá sé de d'aidhm ag Glór na nGael misneach a thabhairt do choistí deonacha Gaeilge, agus sa bhliain 2005 bunaíodh Global Gaeilge chun aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann grúpaí Gaeilge thar lear.

Tá sé de chuspóir ag an Manchester Irish Language Group (MILG) an Ghaeilge a threisiú le ranganna agus le hócáidí sóisialta i ndeisceart Mhanchain, cathair ar chuir neart Éireanach fúthu sa 19ú haois. Tá an grúpa le fáil ag [www.milg.org.uk](http://www.milg.org.uk).

Bhí neart Gaeilge (agus Gáidhlig) le cloisteáil i gCeanada sa 19ú haois agus tá fianaise ann gur mhair an Ghaeilge mar theanga phobail chomh déanach ann le tús an 20ú haois. Tá Gaeltacht Cheanada ag iarraidh láithreán cultúrtha a bhunú mar 'Ghaeltacht' nua i gceantar Tamworth in Ontárió, Ceanada, cois Abhainn an Bhradáin.

Tá moladh faighte ag Cumann Gaeilge na hAstráile, grúpa a bhaineann le Melbourne ach atá ag spreagadh úsáid na teanga le ranganna agus níos forleithne fós le daonscoileanna: [www.gaeilgesanastrail.com](http://www.gaeilgesanastrail.com).

In Éirinn rug Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair an chraobh leo, agus fuair an comhlacht cumarsáide Samsung Trofaí na gComhlachtaí de bharr na n-áiseanna a chuireann sé ar fáil trí Ghaeilge.



### **Díol an Oileáin**

*The Great Basket island, deserted home of a legendary literature, is at last to be bought by the State.*

Lá buile le tarrac is ea é. Bíonn caoirigh i mBeiginis ó mhuintir an Oileáin le breith go dtí an baile mór. Stadaid siad ag machnamh ar sheift chun iad a bhreith chun margaidh; is é seift é gabháil trí Bhá an Daingin soir leo.

An t-am go raibh na caoirigh sna naomhóga i mBeiginis acu bhí an lá séidthe aneas orthu. Ansan níorbh fhéidir leo dul d'fharraige. B'éigean dóibh cuid acu a chur amach ar a gcaladh féin thar n-ais agus tabhairt fé Dhún Chaoin. Bhí maolú ag dul ar an dtarrac fé mar bhí an t-uisce ag líonadh.

Dheineadar an bheart. Cé go raibh an bhúirthé go léir ar an bhfarraige níorbh fhuiriste duit lá a fháil ar talamh ba bhreátha ná é an t-am so de bhliain. Bhí ceo meala ag éirí as an mórmhuir de dhroim na talún agus na sléibhte. An ghrian go solasmhar os a cionn in aoirde ag sú na smúite seo chúithi fé mar a ligeadh an mhuir uaithi é de réir nótaí.<sup>1</sup>

*Tomás Ó Criomhthain, 26/10/1920*

---

<sup>1</sup> Féach *Allagar na hInise*, Tomás Ó Criomhthain, lgh 238-9. Oifig an tSoláthair, BÁC, 1977.

Is gearr go gceannóidh Rialtas na hÉireann an Blascaod Mór ar thimpeall €1 milliún, rud a tharlódh na blianta fada ó shin murach na hargóintí faoi conas dul i dtír ann agus faoi áiseanna ar nós caife. Tá cúig ghabháltas bheaga is fiche ann, agus is le Blascaod Mór Teo seacht gcinn déag acu; anois tá cead pleanála faighte le haghaidh caife caoga cathaoir, leithris, stórais, seomra níos álainn agus eile, rud a bhí mar choinníoll ag Blascaod Mór Teo chun go ndíolfaí a chuid den oileán.<sup>2</sup>

Tá dhá ché le tógáil, ceann sa Bhlascaod Mór agus ceann eile i nDún Chaoin, sula dtógfar an caife.

Sa bhliain 1953 a tréigeadh an t-oileán, agus tá na seantithe dultha chun raice. Tá rún ag Oifig na nOibreacha Poiblí na seanbhallóga a chaomhnú seachas caoi a chur ar na tithe arís. Na daoine atá ag cur i gcoinne an chaife deir siad nach mbeadh caife agus leithris ag teacht le rialacha timpeallachta an AE ná le pleananna an Rialtais. B'fhéidir go ndéanfaí áit oidhreacht den oileán.



### **Údarás athraithe**

*Údarás na Gaeltachta may be due for reformation, but its usefulness remains in doubt.*

Tá an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, chun cumhachtaí agus feidhmeanna Údarás na Gaeltachta a athrú go práinneach. Tá baint ag an athrú sin leis an mórstaidéar a rinne Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus Ollscoil na hÉireann Má Nuad ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, agus le tuairimí an Choiste Aireachta faoin nGaeilge agus faoin nGaeltacht.<sup>3</sup>

B'fhéidir gurbh éigean do chomhaltáí de chuid Bhord Údarás na Gaeltachta éirí as a bpost de bharr comhairle a fuarthas ón Ard-Aighne. Is Comhairleoirí Contae iad naonúr de na seacht mball déag a bhaineann leis an Údarás, agus tá eagla ar an Roinn go mbeadh sin ag teacht salach ar chúram pleanála. Is gnách le feidhmeannaigh an Údarás (arb ionann iad de réir dlí agus baill an Bhoird) aighneachtaí a chur chun na gComhairlí Contae agus an Bhoird Phleanála. Deirtear go bhfuil an tAire ag smaointe ar ionadaithe eile a cheapadh, i dtreo go dtoghfaí cuid de na baill agus gur ó eagraíochtaí stáit agus deonacha a thíocfadh an chuid eile. Faoi láthair níl ach triúr ann nach bhfuil tofa.

Tá sé le cruthú fós, áfach, go bhfuil gá leis an Údarás mar fhoras a neartaíonn an Ghaeltacht trí phoist a sholáthar. Níl an Ghaeltacht á neartú, agus ní raibh riamh i bhformhór na bpost ach jabanna monarchan. Is léir le fada gur sna cathracha a bheidh meáchan na teanga feasta, agus is dócha go mbeidh pobal ceart ann i gceann glúine seachas na gréasáin scaipthe atá níos coitianta anois. Déarfadh an chuid is fuarchúisí againn go bhfuil an cluiche cailte agus formhór mór an aosa óig iompaithe le Béarla, rud a fhágann gur beag gá atá le heagraíochtaí Údarásacha. Ach is treise an dóchas ná an fhuarchúis.



---

<sup>2</sup> 'Gormley: State purchase of Great Blasket imminent,' Donal Hickey, *Irish Examiner*, 30/1/09.

<sup>3</sup> 'Leasú ar ÚnaG geallta,' Seán Tadhg Ó Gairbhí, *Foinse*, 8/2/09.

## Suíomh nua Gàidhlig

*A new and comprehensive website for those interested in Scottish Gaelic.*

Tá Bòrd na Gàidhlig tar éis suíomh dátheangach a chumadh atá lán d’eolas faoina mbaineann leis an gcultúr – an Ghàidhlig féin, an ceol, an turasóireacht, craobhacha ginealaigh, imeachtaí agus eagraíochtaí.<sup>4</sup>

Tá uirlisí idirghníomhacha ann chun cairde a lorg, teachtaireachtaí a chur agus díospóireacht a dhéanamh. Tá trí leibhéal teanga ann chun freastal ar Bhéarlóirí, ar fhoghlaimoirí agus ar chainteoirí líofa. Is féidir leat ábhar a sholáthar agus a chur faoi bhráid an phobail, agus tá cainteoirí líofa á ngríosú chun a bheith páirteach sna hardfhóirí. Agus cuirtear in iúl go bhfuil poist le fáil tríd an teanga:

Ma tha thu a’ coimhead airson dreuchd no obair ùr, dh’fhaodadh Gàidhlig a bhith na cuideachadh mòr. Às bith an e foghlam, ceòl, dràma, na meadhanan, obair nan naidheachdan, obair oifis agus rianachd, no leasachadh a’ chànain agus a’ chultair fhèin, the a h-uile teans gum bi cothrom obrach ann dhut, ma tha Gàidhlig agad. Fiù ’s aig na buidhnean aig a bheil planaichean Gàidhlig, chithear sanasan obrach ag ràdh gu bheil e na bhuannachd ma tha Gàidhlig agad. Ma tha thu an dùil a bhith ag obair an lùib turasachd, dh’fhaodadh gum bi Gàidhlig na buannachd.

Féach [www.mygaelic.com](http://www.mygaelic.com).



## An scríbhneoir agus na hirisí – tuairim phearsanta

Cé chuimhníonn anois ar an iris *Cuisle*? Tháinig, bhláthaigh agus d’imigh. In Eagrán 13, Samhain 1999, bhí an méid seo le léamh:

71,000 daoine fásta a thug le fios sa daonáireamh go labhraíonn siad Gaeilge gach lá. Cé mhéad díobh sin a léann Gaeilge uair sa tseachtain nó uair sa mhí? Is deacair freagra cruinn a thabhairt air sin, ach tá sé ag lú le réasún agus le fianaise gur 10,000 ar a mhéid ar fad atá ann. Agus ó tharlaíonn cuid díobh si ar aon teallach le chéile, ní féidir níos mó ná 5,00 cóip d’iris Ghaeilge ar bith a dhíol. Dúshlán mór 3,000 féin. Rud is gaire do 1,000 ní hannamh é.

Rinne *Cuisle* suirbhé ar a cuid léitheoirí féin, agus rinne amach gurbh fhéidir a áiteamh nach bhfuil aon bhaint choitianta idir léitheoirí Gaeilge a bhfuil aoiseanna, gairmí agus aicmí difriúla acu ach amháin an Ghaeilge féin. Mhaígh *Cuisle* dá réir gurbh fhada aird na n-irisí Gaeilge ar an teanga seachas ar aon rud eile. San eagrán céanna bhí litir á éileamh alt faoi ghluaisteáin, faoi gharraíodóireacht, faoi eolaíocht, faoi chúrsaí creidimh, faoi fhealsúnacht agus faoin dúlra, gan trácht ar rudaí eile. Ní mó ná sásta a bhí mo dhuine le *Cuisle* dá bharr, cé nach mór an bun a bhí lena ghearán sa chás áirithe sin. Ach maidir le ganntanas na léitheoirí, bheadh an méid a dúradh sa bhliain 1999 chomh fíor anois is a bhí riamh.

Is dócha gurb í *Feasta* príomh-iris na Gaeilge faoi láthair, rud nárbh fhéidir a rá go deimhnitheach mura raibh *Comhar* tar éis bás a fháil. Cé gurb í *Feasta* iris oifigiúil an Chonartha tá neamhspleáchas ag baint leis an eagarthóireacht agus éagsúlacht éigin le fáil san ábhar. Tógaimis mar shampla eagrán Dheireadh Fómhair 2008 (agus é faoi mo lámh): dánta, gearrscéalta, léirmheasanna leabhar agus scannán, cúrsaí polaitíochta, duaiseoirí liteartha an Oireachtais agus scéala an Chonartha féin. Clúdach deas air mar is gnáth, leagan amach

---

<sup>4</sup> ‘Gaelic 'one-stop-shop' site welcomed in the Isles,’ Donnie Macinnes, *Stornoway Gazette*, 9/2/09. Féach [www.stornowaygazette.co.uk](http://www.stornowaygazette.co.uk).

greanta le dathanna go leor (cé gur rogha liom cló eile seachas leagan ramhar de *Times Roman*, an cló is fearr le heagarthóirí Gaeilge).

Ach tá rudaí is deacair d'aon eagarthóir dá chumasaí a sholáthar as a stuaim féin – cloigne cliste, tuairimí géarchúiseacha, léargas úr. Is minic a rian sin ar *Feasta*, agus ba mheasa fós cás *Chomhar* sna blianta deireanacha. Tá bun fírinne leis an méid a scríobh atheagarthóir de chuid na hirise, Caoilfhionn Nic Pháidín (*Irish Times*, 2/2/08). Bhí mórán léitheoirí ag *Comhar* sna 50í – timpeall 2,000 duine - agus síntiúsóirí go háirithe, agus b'fhearr fós an scéal sna 60í. Fiú amháin sna 80í bhíothas in ann 2,000 cóip den eagrán comórtha ar Mháirtín Ó Cadhain a dhíol agus athchló féin a chur air. Ach bhí irisí nua ag teacht ar an bhfód - *Inntí* (1970-96), *Scríobh* (1974-84), *Oghma* (1990-99) agus *Poetry Ireland Review* (1981). Bhí lucht raidió agus teilifíse i mbun na tráchtairachta ar chúrsaí reatha a dhéanadh *Comhar* tráth, agus theip ar an iris feidhm a bhaint as an bhfoilsitheoireacht leictreonach. Bhí na léitheoirí agus na scríbhneoirí araon ag dul in aois. Is dóigh le Nic Pháidín (atá ina foilsitheoir í féin) gur beag éileamh atá ar ábhar léitheoireachta i nGaeilge lasmuigh de chúrsaí léinn sna hollscoileanna. Is fiú a chuimhneamh, ar ndóigh, gur bunaíodh *Comhar* sa bhliain 1942 mar 'áis do lucht ollscoile caidreamh a dhéanamh lena chéile,' i measc cuspóirí eile.

San aois nua seo tá éileamh fós ar iris a d'fhreastlóidh ar scríbhneoirí. Iriseoireacht is mó a chleachtar ar an Idirlíon agus an chuid is fearr di an-soléite. Tugann an iris *Beo* iarraidh ar dhá thrá a fhreastal – an léitheoir líofa agus an foghlaimeoir. Bhuail an iris *nós\** amach chugainn go treallúsach, í ag imeacht le scód trí na saolta nua (agus cúrsaí craicinn san áireamh), agus ba ghearr gur thosaigh an fhoireann ag cuimhneamh ar sheift sheanfhaiseanta - iris chlóite a dhéanamh di. Ach tá gá i gcónaí le leathanaigh a mbeadh gearrscéalta nó filíocht le léamh orthu, agus níl ann chuige anois ach *Feasta*.

Nóta pearsanta: táim buíoch de na hirísí *Feasta* agus *Comhar* araon as mo shaothar Gaeilge féin a fhoilsiú – gearrscéalta d'fhormhór – agus ba í an dara hiris ba thúisce a lig dom é a chur faoi bhráid an domhain os cionn scór blianta ó shin. Ní foláir a fhiafraí, mar sin, an fiú aon rud a fhoilsiú mura bhfuil roimhe ach dornán leitheoirí. Cé léann an colún polaitiúil? An gearrscéal? An giota greannmhar? Ní féidir gan cuimhneamh ar an seanfhocal is ansa liom sna cúrsaí seo: *An rud a scríobhann an púca léann sé féin é.*

Ós rud é gur sna hirísí gur gnách teacht ar na scríbhneoirí is nua (fágaimis ceist na léitheoirí I leataobh), ní foláir a admháil nach mór an fhuaimint atá i litríocht na Gaeilge faoi láthair. Tá baint éigin aige sin, gan dabht, le cúlú na Gaeltachta, má chuimhnimid ar leithéidí Uí Chadhain agus ar na Gaeilgeoirí ar bhain cothú as teanga na mbólaí úd. Tá an fhoinsé sin ar an dé deiridh anois agus tá Gaeilge nua ann – teanga a fáisceadh as na scoileanna agus atá tanaithe go maith dá bharr. Teanga í a chaithfidh a bealach féin a ghabháil agus ní fios fós cén saghas uirlis litríochta is féidir a dhéanamh di. Ar an gcúis sin féin b'fhiú aird a choinneáil ar *Feasta* – má mhaireann sí.

De réir mar a rachaidh líon na nGaeilgeoirí i méid (más i méid atá sé ag dul) feicimid sainghrúpaí a éileoidh sainirisí, bídís ar an Idirlíon nó sa siopa is cóngaraí. Ní mar sin atá an scéal anois. Tá gá le scríbhneoirí óga agus le léitheoirí óga, agus le heagarthóirí seiftiúla. Gach corr de réir a ióta.

**C. Ryan**



### **An tSín agus an t-oighear**

*Eastern China is drought-stricken, and worse is to come for both China and its neighbours when water no longer flows from the mountains.*

An réigiún in oirthear na Síne a sholáthraíonn leath a cuid cruithneachta don tír tá sé i ngreim ag an triomach. Chaill sé 80% den ghnáthbháisteach gheimhridh, agus bhí moill ar na húdaráis áitiúla tabhairt faoin scéal a réiteach – aibhneacha agus cainéil uiscithe a chur ar mhalairt slí. Seo é an triomach is measa dá raibh sa tSín le deich mbliana is dhá scór, agus admhaíonn na heolaithe gurb é an t-athrú aeráide is cionsiocair leis. Tá an rialtas ag dáileadh \$19 billiún Astrálach ar fheirmeoirí agus eile dá bharr.<sup>5</sup>

Ní hé an ganntanas báistí seo an t-aon fhadhb amháin. Tagann aibhneacha móra na Síne anuas ón Tibéid, áit a gcothaítear iad le sneachta agus le hoighear. Ach tá an t-oighear ag leá, rud a fhágfaidh a lorg ar an uisciú, ar an iompar agus ar sholáthar fíoruisce ar fud na tíre, agus a léireoidh cé chomh neamhchríonna is a bhí tógáil Dhamba mór na dTrí Altán. As an Tibéid a eascraíonn an Mekong, abhainn mhór oirdheisceart na hÁise, agus í á bacadh anois ag dambaí na Síne.

Tá cuid de lár na hÁise laistigh de theorainneacha na Síne, agus ritheann sléibhte Tien Shan 2,000 ciliméadar nó os a chionn tríd an Táidsíceastáin, an gCírgestáin, an gCasacstáin agus an tSín féin. Na hoighearshruthanna a chothaíonn an chuid is mó de na haibhneacha in uachtar na sléibhte, agus beidh feirmeoirí i gcrúachas cheal uisce i ndiaidh leá an oighir. Ó na haibhneacha sin a thagann 75% den uisce a úsáidtear le haghaidh na mbarr. Deirtear nach mbeidh formhór na hoighearshruthanna ann sa Chasacstáin a thuilleadh i gceann fiche bliain.

Taobh theas den tSín, san India, tá an scéal chomh dona céanna. B'fhéidir nach mbeadh sna haibhneacha móra – leithéid an Ghanga agus an Indiaigh – feasta ach sruthanna sealadacha, agus na billiúin gan a ndóthain uisce dá bharr.

Nuair nach féidir a bheith ag brath ar na haibhneacha caithfear dul i muinín na báistí; nuair a thagann laghdú ar an mbáisteach ní foláir an méid atá ann a bhailiú go cliste agus a choigilt go críonna. Is minic ráite é gur ábhar mór achrainn idir tíortha feasta an ganntanas uisce agus go dtiocfaidh cogadh dá bharr. Ba é leas na Síne agus na dtíortha máguaird dul i gcomhairle le chéile faoi na seifteanna is fearr chun cibé uisce a bheidh ann a roinnt, ach is annamh comhairle ar rialtais nach bhfuil iontaoibh acu as a gcomharsana, go háirithe nuair a chuaigh siad in adharca a chéile cheana. Ní fada uainn lá na cinniúna.



### **Loscadh agus oll-loscadh**

*South-eastern Australia has endured a firestorm shocking even to those who thought they had seen the worst a bushfire could do. And it will not be the last.*

I bhad uait a bhí an tine ar dtús – deatach ag bun na spéire agus loinnir dhearg; ansin rud eile - torann bodhar na lasracha agus iad ag slogadh an aeir; go tobann bhí siad ag teacht sa mhullach ort. Lasracha ag léim go haer, gaoth as béal Ifrinn á dtiomáint, torann uafásach, smúit chomh dorcha sin go ndeachaigh gluaisteáin ar seachrán agus iad ag pléascadh ar an mbealach. Bhí na rudaí cearta déanta agat – na gaitéir agus an gairdín glanta, uisce ar fáil

---

<sup>5</sup> 'China gives emergency relief to drought-hit farmers,' Peter Spiegel, *The Age*, 9/2/09. Féach freisin (i measc a lán foinsí eile):

<http://www.eurasianet.org>

[http://climate-change.suite101.com/article.cfm/worlds\\_ice\\_melting\\_faster\\_than\\_ever](http://climate-change.suite101.com/article.cfm/worlds_ice_melting_faster_than_ever)

agat, tú ag fliuchadh an tí dólámhach. Ach bhí teas na lasracha dofhulaingte agus bhí na haibhleoga á mbrú isteach trí gach scáineadh. Ba cheart duit teitheadh i bhfad roimhe seo...

Cuid den Astráil is ea na tinte: tinte coille agus féir, agus anois oll-loscadh den saghas a scrios cuid d'oirdeisceart na hAstráile seachtain ó shin: lasracha chomh te sin gur chruthaigh siad a n-aimsir féin, ag scaipeadh cith aibhleog chomh fada sin rompu gur cuireadh tithe trí thine a bhí míle slí ón tine féin.

Seanscéal é ar shlí. Sna blianta 2002 agus 2003 scriosadh timpeall dhá mhilliún heicteár in oirdheisceart na tíre, agus ní beag an scrios a rinneadh sna blianta 1939 agus 1983, gan trácht ar bhlianta eile. Ach rud leithlí ba ea an scrios seo: luaith déanta de na bailte beaga, na scórtha marbh, agus iontas ar dhaoine a chonaic a leithéid cheana. Tá na tinte ar siúl fós agus é seo á scríobh. Tá na heolaithe ag bailiú eolais faoi na cúiseanna, agus daoine á rá gur chóir breis scrobarnaí a dhó sna míonna fionnuara chun breosla a thanú. Ach is léir nach leor an fhaichill inti féin chun na tinte a bhacadh.

Tír thirim í seo agus taithí aici ar an dóiteán; bíonn crainn eoclaipe ag brath ar an loscadh chun an péacadh a spreagadh. Anois tá sí níos tirime ná riamh, agus le méadú an daonra tá na bruachbhailte ag dul amach i gcoinne an loiscithe. In oirdheisceart na tíre táimid cleachta leis na lasracha fiáine a chreachann na coillte agus a chreimeann imeall na gcathracha féin; níl sna blianta is measa ach eisceacht, a deirimid, agus súil againn nach bhfeicifimid arís iad lenár linn. B'fhéidir go bhfuil sé in am againn an dalladh púicín a bhaint dinn féin.

Ní dóichí scéal de ná go dtiocfaidh na holltinte arís ach na coinníollacha cearta a bheith ann – easpa báistí, laethanta lasartha (os cionn 40°) agus gála ifreanda. Tá eolaithe éigin á rá nach fiú na bailte dóite a atógáil; deir daoine eile go gcaithfear athmachnamh a dhéanamh ar chúrsaí pleanála sna bruachbhailte, mar níl críonna an mhaise é dul in araicis an diabhal agus an diabhal ag faire na faille. Bhí sé de nós againn riamh ár n-acra féin a aimsiú agus cur fúinn ann – ba leathan an tír í. Ag cúlú a bheimid feasta. Deir na heolaithe nach foláir an aeráid mar a bheidh sí feasta – sa bhliain 2050 abair – a chur san áireamh agus tithe á n-atógáil. Faoi lár na haoise seo beidh contúirt na mórthinte 230% níos mó i gcuid den oirdheisceart ná mar atá sí anois.

Glactar leis anois gurb í an tine a chum dealramh na hAstráile, agus na Bundúchasaigh á húsáid go stuama chun na coillte a thanú agus deis a fháil ar sheilg. Tháinig na coillte atá anois againn i réim dá bharr. Beidh lorg na lasracha ar an Astráil go deo, agus ní foláir dúinn meas a bheith againn ar an tír mar atá sí.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).*